

## Próifíl Idealach: Leasbhainisteoir Oideachais UISCE

<b>Go Ginireálta:</b>	Beidh an Leasbhainisteoir Oideachais ag obair faoi stiúir an Bhainisteora Oideachais chun na cúrsaí samhraidh a bhainistiú go héifeachtach
<b>Tréithe Pearsanta:</b>	Is duine dearfach, tiomanta, lán le fuinneamh a bhfuil eagraithe agus compordach ag obair ar shuíomh gnóthach, atá de dhíth. Tá suim agus tuiscint ag déileáil le déagóirí riachtanach. Ní mór ardscileanna cumarsáide, idirphearsanta agus sóisialta a bheith aige/aici le cur amach suntasach aige/aici ar an gcaoi le tabhairt faoi fadhbanna a réiteach ar bhonn tomhaiste anailíseach.
<b>Cáilíochtaí:</b>	Céim ábhartha (NFQ Leibhéal 7 +) (e.g. MSc/MA, BSc/BA i; Gnó, Acmhainní Daonna, Bainistíocht, Oideachas nó Spórt)
<b>Taithí Riaracháin</b>	Ní mór scileanna teicneolaíochta faisnéise den scoth, lena n-áirítear bainistiú ar bhunachair sonraí. Ní mór taithí riaracháin/oifige le scileanna riaracháin agus eagraíochta den scoth laistigh de thimpeallacht oifige agus caithfidh sé/sí a bheith in ann oibriú as a stuaim féin agus faoi bhrú d'fhonn spriocamanna a shroicheadh.
<b>Taithí Bhainistíochta:</b>	Tá taithí leathan bhainistíochta nó mhaoirseachta ar suíomh oiliúna nó spóirt le hardscileanna bainistíocht dhaonna de dhíth. Anuas air sin, ní mór taithí a bheith aige/aici ag plé le déagóirí, lena dtuismitheoirí agus le cur amach suntasach ar chóras oideachais na hÉireann agus ar an reachtaíocht maidir le cúram leanaí.
<b>Taithí Oibre:</b>	Taithí chruthaithe san earnáil oideachais ag teastáil.
<b>Gaeilge:</b>	Tá Gaeilge Líofa - T.E.G. Leibhéal C.1 (Ard-chaighdeán scríofa + labhartha) riachtanach.
<b>Sláinte &amp; Sábhailteas:</b>	Ní mór eolas maith a bheith aige/aici ar reachtaíocht a bhaineann leis an gcóras oideachais & le cúram leanaí.
<b>Ríomhairí agus Teicneolaíocht Faisnéise:</b>	Ard-scileanna ríomhaireachta de dhíth thar ríomhchláir Microsoft Office ar fad.
<b>Solúbthacht</b>	Beidh ar an duine a bheith solúbtha maidir le huaireanta oibre go mór mór le linn an tSamhraidh agus tréimhsí gnóthacha sa ghnó. Bíonn roinnt “glaodualgas” le linn an tSamhraidh chomh maith.
<b>Sa bhreis:</b>	Ceadúnas Tiomána iomláin ghlain de dhíth agus a c(h)arr féin.

## Cuir síos ar an bpost: Leasbhainisteoir Oideachais UISCE

<b>Cuir síos ginearálta:</b>	Beidh an Leasbhainisteoir Oideachais ag obair faoi stiúir an Bhainisteora Oideachais. Beidh siad freagrach as an bhfoireann oideachais a bhainistiú chun a chinntiú go reachtáiltear na cúrsaí samhraidh in Eilí agus san Eachléim go héifeachtach ag tabhairt tús áite do shláinte & sábháilteacht na bpáistí.
<b>Cur i bhfeidhm polasaithe agus córas UISCE</b>	Le linn an tsamhraidh, beidh an té a ceapfar lonnaithe san Eachléim don chuid is mó. Feidhmeoidh sé/sí mar ionadaí bainistíochta UISCE ar an suíomh sin agus beidh sé de chúram air/uirthi a chinntiú go bhfuil polasaithe agus córas UISCE á gcur i bhfeidhm agus go bhfuil leanúnachas ó chúrsa go cúrsa.
<b>Dualgais Riaracháin</b>	Oibríonn an Leasbhainisteoir Oideachais faoi stiúir an Bhainisteora Oideachais ag déanamh ullmhúcháin roimh na cúrsaí agus ag déanamh próiseála ag deireadh na gcúrsaí. Bíonn roinnt mhaith riaracháin i gceist leis seo lena n-áirítear; foireann a earcú, róta a dhearadh, réamhscrúduithe an gharda síochána a phróiseáil, obair ar pholasaithe agus mar sin de.
<b>Tiomáint: Turais dochtúra &amp; ospidéal</b>	Le linn na gcúrsaí Gaeilge beidh an té a ceapfar freagrach as na turais laethúla chuig an dochtúir/ospidéal nuair is gá. Beidh painéal de thiománaithe (réamhaontaithe) ag tacú leis an obair seo.
<b>Feitheoireacht agus measúnú riosca</b>	Beidh an té a ceapfar ag comhoibriú le na príomhoidí agus le na leas-príomhoidí cóimheas na bhfeitheoirí agus an caighdeán feitheoireachta a chur i bhfeidhm le linn na sosanna.
<b>Sábháilteacht &amp; Cóimheasa</b>	Beidh an té a ceapfar ag comhoibriú le na príomhoidí agus le na leas-phríomhoidí cóimheas na bhfeitheoirí agus an caighdeán feitheoireachta a chur i bhfeidhm le linn na n-eachtraí oíche.
<b>Tinneas agus Timpistí</b>	Beidh an té a ceapfar ag comhoibriú le na príomhoidí agus le na leas-phríomhoidí chun a chinntiú go leantar polasaithe & córais UISCE agus iad ag déileáil le tinneas agus timpistí.
<b>Oiliúint insealbhaithe</b>	Beidh an Leasbhainisteoir Oideachais freagrach as cuidiú leis an mBainisteoir Oideachais oiliúint insealbhuithe na foirne oideachais & na n-ardchinnirí a chur i bhfeidhm. Cinntíonn an oiliúint seo go reachtálfar cúrsaí Choláiste U.I.S.C.E i gCuan Eilí agus san Eachléim go sábháilte agus go héasca.
<b>Beartas Frithbhulaíochta a chur i bhfeidhm</b>	Beidh sé de chúram aige/aici comhoibriú le príomhoide agus le leas-phríomhoide an chúrsa ag cinntiú go bhfuil beartas frith-bhulaíochta UISCE á gcur i bhfeidhm agus go bhfuil na suirbhéanna bulaíochta déanta le linn na gcúrsaí.
<b>Cúram na gCinnirí</b>	Beidh sé de chúram aige/aici comhoibriú le príomhoide agus le leas-phríomhoide an chúrsa ag cinntiú go bhfuil an tacaíocht chuí ag na cinnirí mar atá leagtha amach i ráiteas sábháilteachta Choláiste UISCE.

<b>Cúrsaí smachta - Leibhéal 2</b>	Beidh an té a ceapfar ag comhoibriú leis an mBainisteoir Oideachais agus le príomhoide an chúrsa chun a chinntiú go gcuirtear An Cód Iompair agus An Cód Disciplíneach i bhfeidhm mar atá sé leagtha amach an an mbainistíocht.
<b>Seirbhísí custaiméirí agus gearán</b>	Beidh an té a ceapfar freagrach as tacú leis an mBainisteoir Oideachais agus le príomhoide an chúrsa ag freagair fiosrúchán agus gearán tuismitheoirí le linn na gcúrsaí.
<b>Plean Meantóireachta Pearsanta &amp; Plean Oideachais don Dalta Aonair</b>	Beidh an té a ceapfar freagrach as tacú leis an mBainisteoir Oideachais agus le príomhoide an chúrsa ag cinntiú go ndéantar plean meantóireachta pearsanta/plean oideachais don dalta aonair d'aon dalta a bhfuil riachtanais faoi leith acu.
<b>Solúbthacht</b>	Tá sé ríthábhachtach go bhfuil an té a ceapfar solúbtha ó thaobh uaireanta oibre de. Oibreoidh sé/sí de réir rota nuair atá an Coláiste Gaeilge ar siúl. Beidh air/uirthi a bheith ar fáil uaireanta freisin le haghaidh “glao-dhualgas” a dhéanamh le linn an tréimhse céanna.
<b>Uaireanta oibre</b>	09.00 go 17:00
<b>Gaeilge</b>	Cabhróidh an té a ceapfar leis an mBainisteoir Oideachais ag cinntiú go labhtar Gaeilge le linn na gcúrsaí.
<b>Bainistíocht Acmhainní Daonna</b>	Cabhróidh an té a ceapfar leis an mBainisteoir Oideachais & le príomhoide an chúrsa ag cinntiú go n-oibríonn gach duine de réir an rota agus go bhfuil tacaíocht ag an bhfoireann teagaisc.
<b>Ullmhúchán éifeachtach roimh tús na gcúrsaí</b>	Cabhróidh an té a ceapfar leis an mBainisteoir Oideachais ag cinntiú go bhfuil ullmhúchán éifeachtach déanta roimh thús an chúrsa.
<b>An fhoireann chigireachta</b>	Cabhróidh an té a ceapfar leis an mBainisteoir Oideachais & le príomhoide an chúrsa ag comhoibriú go proifisiúnta agus go héifeachtach le cigirí a thagann ar cuairt chuig UISCE. Beidh an t-eolas ar fad a bheidh ag teastáil uaidh na cigirí ar fáil acu agus beidh sé ar a c(h)umas fiosrúcháin a fhreagairt.
<b>Séasúr na nGrúpaí</b>	Cabhróidh an té a ceapfar leis an mBainisteoir Oibriúcháin le heagrúchán na dturas scoile le linn an Earraigh agus an Fhómhair.
<b>Freagrachtaí ilghnéitheacha</b>	Cabhróidh an té a ceapfar leis an mBainisteoir Oideachais & le príomhoide an chúrsa le haon ábhar eile a mheasann bainistíocht UISCE atá riachtanach, go mór mór le linn na gcúrsaí Gaeilge.